# Oideachas Reiligiúin na Sraithe Sóisearaí
# Ceisteanna samplacha measúnaithe

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

## Réamhrá

Is í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta a leag amach na ceisteanna samplacha sa doiciméad seo d'fhonn tacú leis an bhfoghlaim a dhéantar in Oideachas Religiúin na Sraithe Sóisearaí agus d'fhonn an scoláire a ullmhú don mheasúnú ar an ábhar.

Tacaíonn na ceisteanna samplacha a chuirtear i láthair anseo le measúnú a dhéanamh ar roinnt torthaí foghlama i sonraíocht Oideachas Religiúin na Sraithe Sóisearaí ag leibhéal coiteann. Ba cheart breathnú ar na míreanna atá anseo mar shamplaí de cheisteanna measúnaithe is féidir a úsáid chun measúnú sa seomra ranga a threorú. Ní hionann iad agus na formáidí réimse leathan modhanna measúnaithe is féidir a úsáid.  Ní dhéanann siad iarracht ach oiread na cineálacha ceisteanna a bheidh le feiceáil ar an bpáipéar scrúdaithe a thaispeáint ná conas a d'fhéadfaí an páipéar scrúdaithe a leagan amach, mar shampla, mar leabhrán comhtháite lena n-áirítear na ceisteanna agus spás do fhreagraí an scoláire. Eiseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) páipéar scrúdaithe samplach le linn an chéad téarma de Bhliain 3 den chúrsa nua.

Tá Sonraíocht Oideachas Religiúin na Sraithe Sóisearaí, agus na Treoirlínte Measúnaithe le fáil ar

Oideachas Reiligiúin 2019 (curriculumonline.ie).

**Ceist 1**

(a) Ar léarscáil na hÉireann, ainmnigh agus aimsigh suíomh tábhachtach Críostaí seandálaíochta amháin a bhfuil tú tar éis staidéar a dhéanamh air nó cuairt a thabhairt air.



(b) Déan achoimre gairid ar an bhfáth a raibh an suíomh seo tábhachtach do Chríostaithe san am atá caite.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(c) Samhlaigh go n-oibríonn tú in Oifig áitiúil Turasóireachta. Scríobh cuntas gairid ag cur síos ar shuíomh Críostaí seandálaíochta i do cheantar ar féidir le turasóirí cuairt a thabhairt air agus mínigh cén fáth gur cuid thábhachtach de chultúr agus d'oidhreacht na hÉireann é.

**Ceist 2**

Dar le scéal bunaidh na hAstráile maidir le cruthú na hAstráile, áit gan suntas a bhí sa domhan go dtí gur tháinig deichniúr sinsear nó spiorad chun cinn agus thaistil siad ar fud na talún, ag cruthú gnéithe geografacha cosúil le Carraig Ayers (ar a dtugtar Uluru freisin). Tá snocháin charraige réamhstairiúla sna uaimheanna agus sna haillte iar Charraig Ayers a insíonn scéal na sinsear. Is ionann laftáin charraige áirithe agus spioraid na sinsear, agus creideann daoine áitiúla bundúchasacha na hAstráile (ar a dtugtar freisin muintir Anangu) gur féidir leo, trí lámh a leagan ar na carraigeacha, cumarsáid a dhéanamh lena sinsear agus beannachtaí a fháil uathu. Tar éis na mblianta de chonspóid, rinneadh an cinneadh stop a chur le cuairteoirí dreapadóireacht a dhéanamh ar Charraig Ayers i mí Dheireadh Fómhair 2019—cinneadh ar chuir muintir Anangu, úinéirí traidisiúnta an cheantair, fáilte mhór roimhe.




(a) Go dtí mí Dheireadh Fómhair 2019, níor stopadh cuairteoirí ó bheith ag dreapadh ar Ayers Rock, cé gur léir go raibh an dreapadh in aghaidh mhianta úinéirí traidisiúnta an tsuímh naofa seo. Samhlaigh go raibh tú ag tabhairt cuairte ar an suíomh seo roimh Deireadh Fómhair 2019 agus ag tabhairt aghaidh ar an gcinneadh seo. Tabhair cúis cén fáth a mbeadh tú nó nach mbeadh tú ag dreapadh ar an suíomh naofa seo?

___

___

___

___

(b) Roghnaigh suíomh naofa in Éirinn atá tábhachtach do dhaoine a bhaineann le ceann de na mór-reiligiúin domhanda. Scríobh paragraf ag cur síos ar an áit agus ag míniú conas is féidir le cuairteoirí a thugann cuairt ar an áit naofa seo meas a léiriú nuair a thugann siad cuairt air.

**Ceist 3**

Céard a tharlaíonn nuair a fhaighimid bás? Tá sé seo ar cheann de na ceisteanna móra a chuireann daoine ar a chéile go minic.

(a) Mínigh conas a fhreagraíonn mór-reiligiún domhanda amháin an cheist seo.

Ainm an reiligiúin: ______________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(b) Ainmnigh ealaíontóir amháin (ealaíontóir, ceoltóir nó ceardaí) a bhfuil staidéar déanta agat ar a s(h)aothar a spreag daoine chun smaoineamh ar bhrí na beatha.

Ealaíontóir: ______________________

An saothar féin: ______________________

Mínigh go gonta conas a fhreagraíonn an píosa oibre (a luaitear thuas) an cheist seo.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**Ceist 4**



`Grianghraf: Archbishop Desmond Tutu, Getty Images.

*'Cé gur bhreá liom eaglaisí, moscanna, sionagóga agus teampaill an domhain a fheiceáil agus iad dubh le daoine, nach álainn an rud é nach bhfuilimid ár meas féin de réir líon na n-amanna a bhfreastalaímid ar shearmanais fhoirmeálta reiligiúnacha. I measc na nósanna a thóg mo chroí atá tugtha faoi deara agam agus mé ag taisteal le dosaen bliain anuas nó mar sin tá neart spioradálta na ndaoine óga. Ní gá gurb iad na daoine atá sna síocháin tosaigh san eaglais ar an Domhnach, ach is cosúil gur rugadh iad le tuiscint níos fearr ar chaoinfhulaingt agus le tuiscint dhomhain ar ár n-idirspleáchas'.*

Anglican Archbishop Desmond Tutu

(a) Cá háit a bhfeiceann an tArdeaspag Tutu fianaise ar neart spioradálta na ndaoine óga?

___

___

(b) Scríobh alt faoi conas a cheapann tú gur féidir neart spioradálta na ndaoine óga a fheiceáil sa lá atá inniu ann.

**Ceist 5**



Grianghraf: Marie-Louise Fitzpatrick

Is é Henry Patrick (Harry) Clarke (1889-1931) an t-ealaíontóir gloine daite is cáiliúla in Éirinn. Féach go dlúth ar na mionsonraí sa sampla seo de cheann dá chuid fuinneoga gloine daite.

(a) Liostaigh 2 bhealach a léiríonn conas a chuirtear creideamh reiligiúnach in iúl sa phíosa ealaíne reiligiúnaí seo.

1. ______________________________

2. ______________________________

(b) Déan cur síos gairid ar conas a chuireann earraí ealaíne creidimh reiligiúnacha in iúl trí mhór-reiligiún domhanda amháin a roghnú agus samplaí a thabhairt.

**Ceist 6**

Scríobh cur síos ar cheiliúradh reiligiúnach a bhaineann le mor-reiligiún domhanda a bhfuil staidéar déanta agat air.

Tá do chur síos dírithe ar dhuine nach bhfuil cur amach aige/aici ar an gcineál ceiliúrtha seo a chur ar an eolas faoi.

Ba cheart duit faisnéis maidir le trí cinn nó níos mó díobh seo a chur san áireamh: An suíomh, amlíne, siombailí (agus cad a chiallaíonn siad), ceol, bia nó éadaí a bhaineann leis an gceiliúradh seo.

**Ceist 7**

Féach ar an íomhá thíos ina leagtar amach roinnt fíricí tábhachtacha maidir le Búdachas.




Roghnaigh ceann amháin de na ceithre reiligiún dhomhanda eile a ndearna tú staidéar orthu agus a chruthaigh íomhá shimplí sa bhosca thuas a chuireann na nithe seo a leanas san áireamh:

- Ainm an reiligiúin
- Siombail a bhaineann leis an reiligiún seo
- Áit thábhachtach naofa a bhaineann leis an reiligiún seo
- 3 phríomhchreideamh a chreideann lucht leanúna an reiligiúin iontu

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

**Ceist 8**

Tharla círéibiú ar shráideanna Bhéal Feirste i mí Aibreáin 2021. Dá bharr sin, thug roinnt daoine le fios go bhfuil codanna de Thuaisceart Éireann fós scoilte ar chúiseanna a bhaineann leis an reiligiún, 23 bliain tar éis comhaontú síochána a raibh súil leis go gcuirfeadh sé deireadh leis na Trioblóidí i dTuaisceart Éireann.

(a) Déan plé ar ról an idirphlé idir traidisiúin éagsúla reiligiúnacha i dTuaisceart Éireann.

(b) Ainmnigh eagraíocht amháin a ndearna tú staidéar uirthi a oibríonn chun síocháin agus athmhuintearas idir daoine de chreidimh éagsúla a chur chun cinn agus a mínigh go beacht conas a oibríonn siad chun an tsíocháin agus an t-athmhuintearas a chur chun cinn.

Ainm na heagraíochta: ______________________________

(ii) Conas a chuireann siad an tsíocháin agus an t-athmhuintearas chun cinn:

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**Ceist 9**

(a) Tabhair fáth amháin a bhféadfadh duine neamhreiligiúnach dul ar oilithreacht creidimh.

(b) Tabhair fáth amháin a bhféadfadh duine reiligiúnach dul ar oilithreacht creidimh.

(c) Tabhair sampla amháin de láthair oilithreachta de chuid na Críostaíochta agus sampla amháin de láthair oilithreachta a bhaineann le reiligiún domhanda eile.

| Láthair oilithreachta de chuid na Críostaíochta | Láthair oilithreachta a bhaineann le reiligiún domhanda eile |
|---|---|
| | |

(d) Tabhair 2 chúis a mhíníonn cén fáth a mbíonn duine le creideamh ag rá páidreacha nó i mbun dianmhachnaimh:

1.

2.

**Ceist 10**

Thréig Helen agus Scott Nearing saol na cathrach chun saol níos simplí agus níos tuilleamaíche a chruthú.  Scríobh siad faoina dtaithí ina leabhar dar teideal 'Living the good life'.




(a) Déan plé ar cad is brí le 'living the good life' de réir na gcreideamh a bhaineann le mór-reiligiún domhanda amháin de do rogha féin.

(b) Baineann daoine éagsúla bríonna éagsúla as 'living the good life'. Scríobh faoina gciallaíonn sé seo duitse.

Cad is gá, dar leat, chun saol maith a bheith agat? An ionann saol maith agus saol sásta, dar leat?

**Ceist 11**

(a) De réir Dhaonáireamh 2016 (suirbhé náisiúnta) bhí méadú 73.6 faoin gcéad ó Dhaonáireamh 2011 ar líon iomlán na ndaoine in Éirinn a d'aithin nach raibh reiligiún ar bith acu (m.sh., aindiachaithe, agnóisithe agus daonnachaithe).

Tabhair cúis amháin leis an méadú ar líon na ndaoine a aithníonn nach bhfuil aon reiligiún acu in Éirinn sa lá atá inniu ann.

(b) I suirbhé eile a rinne tomhais ar thiomantas reiligiúnach, bhí Éire sa 15ú háit i measc 34 tír Eorpach.




https://www.pewresearch.org/

De réir na sonraí thuas, deir 23% go bhfuil reiligiún an-tábhachtach ina saol, deir 37% de fhreagróirí an tsuirbhé go bhfreastalaíonn siad ar sheirbhísí adhartha uair amháin in aghaidh na míosa ar a laghad agus deir 19% go ndeireann siad paidreacha go laethúil.

Seachas a bheith ag freastal ar sheirbhísí adhartha agus ag rá paidreacha go laethúil, cad eile a dhéanann daoine chun a dtuairimí creidimh a chur in iúl? Ba chóir go dtagródh do fhreagra do shamplaí ó reiligiún mór domhanda amháin nó níos mó.

**Ceist 12**

Roghnaigh ceann amháin de na cúig mhór-reiligiún dhomhanda agus scríobh paragraf a chuireann síos ar a gcreidimh reiligiúnach ar bhonn laethúil trí dhearcadh duine óig de d'aois. Ainmnigh roinnt rudaí a bheadh tú ag súil a fheiceáil ó dhuine óg agus mínigh cén fáth.

**Ceist 13**




Déanann tromlach na ndaoine iontas cén fáth a bhfuil muid anseo agus cuireann siad an cheist cad é brí agus cuspóir na beatha? Leag dhá fhreagra éagsúla amach ar an gceist seo a ndearna tú staidéar orthu.

Freagra 1:

Freagra 2:

**Ceist 14**

(a) Nuair a bhíonn cinneadh morálta os comhair duine, ainmnigh 2 thionchar fhéideartha ar phróiseas cinnteoireachta an duine:

1. ______________________________

2. ______________________________

(b) Ainmnigh foinse údaráis a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar Chríostaí agus cinneadh morálta á dhéanamh agus a mínigh cén fáth a bhfuil sé seo tábhachtach do Chríostaithe.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(c) Tabhair cúis amháin gur gá do dhaoine atá ina gcónaí le chéile i bpobal nó i sochaí a bheith morálta:

______________________________

______________________________

______________________________

**Ceist 15**

As the dominant species on this planet it is our moral duty to protect and preserve all forms of life. For species such as elephants and rhinos to be fighting for their existence due to human exploitation and interference is unacceptable and we must do everything within our power to turn this dire situation around. We are responsible for the problem and we must be held responsible for the solution. It will indeed be a very sad indictment on our species if rhinos and elephants are no more, and that day will come sooner than we think if we do not take action.' Sir David Attenborough



Grianghraf: Huw Cordey, BBC Worldwide Americas/ PRNewsFoto/AP Images

Sa sliocht seo, tá Sir David Attenborough ag caint faoi speicis atá i mbaol a chosaint, cosúil le heilifintí agus srónbheannaigh, mar cheist mhorálta. Deir sé gurb é an 'dualgas morálta' atá againn gach cineál beatha a chosaint agus a chaomhnú.

(a) Scríobh paragraf ag míniú cén fáth a bhfuil cosaint an domhain nádúrtha mar dhalgas morálta againn, ó dhearcadh duine a bhaineann le ceann de na mór-reiligiúin dhomhanda.

(b) Ainmnigh saincheist amháin eile a mheasann tú a bheith mar shaincheist mhorálta thábhachtach i saol an lae inniu.

(c) Maidir leis an tsaincheist thuasluaite, mínigh cén fáth a bhfuil sí mar shaincheist mhorálta?

(d) Leag amach conas a fhreagraíonn teagasc de reiligiún domhanda mór amháin ar an gceist seo (ní mór an reiligiún a roghnaíonn tú a bheith difriúil ón reiligiún a roghnaigh tú i gceist a. thuas).

**Ceist 15**

Taispeánann an pictiúr seo a leanas obair grúpa oibrithe deonacha a ghlan limistéar mór bruscair i bhforaois. Bhí cuid den bhruscar á dhumpáil ansin le breis agus 70 bliain.



Grianghraf: Letterkenny cultural centre

(a) D’fhéadfadh na daoine sin a bheith i mbun obair dheonach chun cabhrú leis an nglantachán ar chúiseanna éagsúla. Cad iad cuid de na luachanna nó creidimh a d’fhéadfadh daoine a spreagadh chun obair dheonach a dhéanamh don chineál seo tionscadail?

(b) Mínigh an fáth a gcuireann mór-reiligiún domhanda amháin a ndéarna tú staidéar air cúram don phláinéid chun cinn. Déan tagairt do théacs sonrach naofa nó do theagasc naofa i do fhreagra.

(c) Aithin ábhar buartha amháin eile don domhan faoi láthair.

(d) Tabhair breac-chuntas ar conas a bhfuil pobal an chreidimh nó eagraíocht nasctha le mór-reiligiún domhanda ag tabhairt freagra ar an gceist seo.

**Ceist 17**

Is uirlis ar líne éiReport a bhaineann le cearta an duine, uirlis a ligeann do dhaoine tuairisc a thabhairt ar eachtraí ciníocha in Éirinn. Úsáidtear an fhaisnéis sin i dtuarascáil a fhoilsítear gach sé mhí.




In 2020 bhí 334 cás fuathchainte chiníche logáilte ar iReport.ie. Ba iad na grúpaí ba mhó a raibh fuathchaint dírithe orthu ná na Dubh-Afracaigh, Éireannaigh-Gorma agus an Daoine gorma-Eile (74 ar an iomlán), Moslamaigh (69), an Lucht Siúil (35), daoine ón Áise Theas (54), daoine ón tSín (29), Giúdaigh (23).

(a) Roghnaigh mór-reiligiún domhanda amháin agus mínigh conas a chuireann sé comhionannas i measc na ndaoine chun cinn. Déan tagairt nó do theagasc naofa ó théacs sonrach naofa i do fhreagra.

(b) Tabhair breac-chuntas ar dhuine a ndearna tú staidéar air/uirthi, a bhfuil baint acu le mór-reiligiún, atá tar éis seasamh a ghlacadh do cheartas.

**Ceist 18**

Le linn phaindéime Covid, bhailigh thart ar 200 Moslamach le chéile (agus iad ar fad scartha óna chéile) i bPáirc an Chrócaigh i mBaile Átha Cliath chun Eid al-Adha a cheiliúradh, imeacht tábhachtach san fhéilire Moslamach. Ceiliúradh bliantúil atá in Eid al-Adha a bhíonn ar siúl ag deireadh na hoilithreachta Hajj agus ar a dtugtar an "Féile na n-Íobairtí". Bhí an ceannaire Moslamach, Shaykh Dr Umar Al-Qadri, tArdeaspag Caitliceach Rómhánach, Diarmuid Martin, Ardeaspag Eaglais na hÉireann, Michael Jackson, agus an Raibí Zalman Lent i láthair.



Grianghraf: Mark Stedman

(a) Tabhair fáth amháin ar tugadh cuireadh do cheannairí de chuid na Críostaíochta agus de chuid nGiúdach chun freastal ar an gceiliúradh Ioslamach seo.

___

___

___

(b) Déan cur síos ar shampla eile de idirphlé idirchreidimh a bhfuil staidéar déanta agat air.

(c) Mínigh 2 bhealach a raibh tionchar ag na srianta a d'eascair as paindéim COVID-19 ar chleachtas reiligiúnach i measc phobail chreidimh na hÉireann.

**Ceist 19**

Tugann daoine áirithe le fios go bhfuil céimeanna forbartha creidimh ann trína mbogann daoine a bhfuil creideamh acu. Is iad seo a leanas na céimeanna sin:




(a) Má tá duine ag céim an chuardaigh agus ag cur ceisteanna faoina gcreideamh, cén cineál ceisteanna a d’fhéadfadh a bheith i gceist?

(b) Bunaithe ar do staidéar nó do thaithí ar chreidimh reiligiúnacha, mínigh cad a chiallaíonn sé do dhuine teacht go dtí an chéim ina ndéanann sé/sí a c(h)uid féin den chreideamh.

**Ceist 20**

I Mí Eanáir 2021, rinne Dochas (an líonra d'eagraíochtaí neamhrialtasacha, nó carthanachtaí, thar lear in Éirinn) suirbhé ar dhaoine fásta Éireannacha chun a fháil amach faoina ndearcthaí i leith bochtaineachta, éagóra agus éagothromais ar fud an domhain. Dúirt 75% de 3,008 duine a ghlac páirt sa suirbhé go raibh siad buartha faoi leibhéil na bochtaineachta sa "chuid den domhan atá i mbéal forbartha" agus dúirt siad go raibh sé tábhachtach go gcuirfeadh rialtas na hÉireann cúnamh ar fáil. Nuair a fiafraíodh díobh cad a spreag a dtacaíocht chun cabhrú leis na daoine is boichte ar domhan, thug na daoine a ndearnadh suirbhé orthu na cúiseanna thíosluaite.




https://www.dochas.ie/resources/worldview/quantitative-findings/

(a) Bunaithe ar na luachanna atá liostaithe sa ghraf seo, an n-aontaíonn tú go bhfuil an chomhbhá tábhachtach chun tionchar a imirt ar mhuintir na hÉireann chun cabhrú leis na daoine is boichte ar domhan. Mínigh an chúis go n-aontaíonn/nach n-aontaíonn tú leis seo.

(b) An gceapann tú gur fadhb mhorálta í an bhochtaineacht dhomhanda? Mínigh do fhreagra.

(c) Mínigh an chaoi a dtugtar aghaidh ar an mbochtaineacht dhomhanda le teagasc reiligiúnach mór-reiligiún domhanda amháin